

Jeaic ar Scoil

le Dairena Ní Chinnéide




Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Jeaic ar Scoil

le Dairena Ní Chinnéide




Glan díot gaineamh na trá
Is oscail an doras don fhómhar,
Bronn ort féin éide
Go bpriocfaidh sceacha na léine
Do mhuineál óg beag
Is go dtógfar ón mbosca na bróga
A mboladh leathair ina anlann agat
Tá'n tú sé mbliana d'aois.

D'aithníos le huaibhreach do chrógacht
Is tú ag déanamh ar stad an bhus
“Ná póg mé, Mam,” a dúraís,
“I’ll wait by myself.”
Chasas ar mo shála ar mo bháibín óg
Go dtáinig fás aon oíche air
Faoi cheobhrán brothallach na maidine.



Jeaic ar Scoil


le Dairena Ní Chinnéide



Is shiúlaíos isteach abhaile
Go dtugfainn leathshúil fén gcuirtín
Go n-imeodh sé slán
Go slogfadh an fhoghlaím é
Le fiosracht tartmhar gan teorainn.
Tá sé sé mbliana d'aois.


Gluais leat fé cheol
Is fé ghrá do mhuintire.
Feairín beag seanchríonna
A chaith seal anso cheana
Lena shúilibh donna
Ar leathadh le hiontas
As bheith beo sa tsaol

Nach álainn a bheith
Sé mbliana d'aois.



Jeaic ar scoil

Gluais



gaineamh

sand

Fómhar

autumn

éide

uniform

sceacha

bushes

muinéal

neck

boladh leathair

smell of leather

uaibhreach

proud

crógacht

bravery

chasas

I turned

mo shála

My heels

Fás aon oíche

(meafar atá anseo)
mushroom (growth
overnight)

brothallach

humid

cuirtín

curtain

go slogfadh

swallow

fiosracht

inquisitiveness

tartmhar

thirsty

gan teorainn

limitless

feairín beag

little man

seanchríonna

old

seal


a period of time

lontas

surprise/wonder

Jeaic ar scoil


Dairena Ní Chinnéide



Rugadh Dairena Ní Chinnéide sa bhliain 1969, i gCorca Dhuibhne atá suite i nGaeltacht Chiarraí. Is ann atá sí go fóill. Is file an-cháiliúil í a aistríonn a cuid filíochta féin go Béarla. D'oibrigh sí mar ateangaire agus mar chraoltóir. Tá roinnt drámaí raidió scríofa aici agus is iomaí duais atá buaite aici dá cuid litríochta, ina measc an Patrick and Katherine Kavanagh Fellowship sa bhliain 2016. Tá naoi gcnuasach filíochta foilsithe aici agus tagann an dán Jeaic ar Scoil ón gcnuasach Máthair an Fhiaigh a d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht sa bhliain 2008.

Jeaic ar scoil

Buncheisteanna



1.Cé atá ag caint sa dán?

2.Cén phearsa ina bhfuil an dán scríofa?

3.Cén éadaí a chaitheann an mac sa chéad véarsa?

4.Conas a mhothaíonn na héadaí nua don mhac?

5.Cén aois é an mac?

6.Sa dara véarsa, conas a mhothaíonn an file?

7.Cá bhfuil an mac ag fanacht? Cén fáth a bhfuil sé ag iarraidh fanacht leis féin?

8.Cén áit a bhféachann an file ar a mac go rúnda?

9.Céard é guí an fhile dá mac sa véarsa deireanach?

10. Cén rud a cheapann an file faoi bheith sé bliana d'aois?

Jeaic ar scoil

Príomhphointí an dáin



Is dán cumhachtach é an dán seo faoin gcéad lá atá ag buachaill óg ag dul ar bhus na scoile leis féin. Tá an dán seo scríofa ag a mháthair sa chéad phearsa agus í ag féachaint air ag imeacht uaithi go neamhspleách leis féin den chéad uair. Níl an buachaill óg ach sé bliana d'aois agus músclaíonn an lá mór seo ina shaol a lán mothúchán éagsúil i gcroí na máthar.

Sa chéad véarsa tá deireadh tagtha leis an samhradh, glanann a mháthair 'gaineamh na trá' dá mac óg agus osclaíonn sí 'an doras don fhómhar' agus don séasúr nua atá ag teacht. Bíonn an fómhar lán le hathruithe agus mothaíonn an mháthair go bhfuil a lán rudaí ag athrú ina saol agus i saol a mic óig. Tá léine scoile agus bróga leathair nua ag an mbuachaillín seo, iad ait agus difriúil toisc nár chaith sé ceachtar cheana. Tá boladh na mbróg 'ina anlann' ag an mbuachaill seo toisc é ar bís faoi dhul ar scoil cosúil le páistí eile.

Jeaic ar scoil

Príomhphointí an dáin



Cé go bhfuil athrú mór i gceist i saol na beirte, tá an mháthair an-bhródúil as a mac sa dara véarsa. Deir sí gur aithin sí ‘le huaibhreach do chrógacht/Is tú ag déanamh ar stad an bhus’. Tá an buachaill ag iarraidh a bhealach féin a dhéanamh agus a bheith neamhspleách. Ní theastaíonn uaidh go bpógfadh a mháthair é agus labhraíonn sé Béarla léi, ‘I’ll wait by myself’. Tuigeann a mháthair go bhfuil sé ag ligean air féin go bhfuil sé fásta suas agus in ann aire a thabhairt dó féin. Casann sí ar ais i dtreo an tí gan é, a croí lán; úsáideann sí meafar an-éifeachtach ag deireadh an véarsa seo. Deir sí go dtagann ‘fás aon oíche air/Faoi cheobhrán brothallach na maidine.’ Tá a mac óg tar éis fás go sciobtha os comhair a dá shúil agus níl aon smacht aici ar na hathruithe seo.

Sa tríú véarsa feicimid an mháthair léi féin sa bhaile, í ag féachaint amach ‘fén gcúirtín’ ar a mac óg le go ‘n-imeodh sé slán’ ar scoil. Ní theastaíonn uaithi go mbeadh a fhios aige go bhfuil sí ag coinneáil súil ghéar air. Tuigeann sí go meallfaidh saol na scoile é i dtreo na foghlama agus go bhfuil saol nua ag oscailt amach roimhe. Úsáideann sí an curfá ‘Tá sé sé mbliana d’aois’ arís le bém a chur ar a oíge. Tá íomhá uaigneach le feiceáil anseo, an mháthair léi féin agus í scartha óna mac ar thug sí an oiread sin aire dó ó tháinig sé ar an saol.

Jeaic ar scoil


Príomhphointí an dáin



Sa véarsa deireanach, feicimid dea-ghuí na máthar dá mac óg. Labhraíonn sí go díreach leis, le grá agus le gean. Guíonn sí sonas air, é lán le hiontas agus le soineantacht na hóige. Déanann sí cur síos álainn air, a 'shúilibh donna/ar leathadh le hiontas/as a bheith beo sa tsaoil'. Críochnaíonn an dán seo ar nóta dóchais, an mháthair sásta go bhfuil a mac sé bliana d'aois agus iontais an tsaoil mhóir fós le blaiseadh aige. Cé go bhfuil sé ag imeacht uaithi, tuigeann sí gur dul chun cinn é seo ar fad agus gur iomaí eachtra spraíúil atá amach roimhe.




Jeaic ar scoil




Roghnaigh trí íomhá ón dán a thaitin leat.


Tarraing pictiúr de gach íomhá agus cuir an sliocht ón dán thíos faoi.



1. _____




2. _____



3. _____

Jeaic ar scoil



Tá gach teicníc luaite anseo agus sampla amháin in aice leis an míniú. An féidir leat breis samplaí den teicníc chéanna a aimsiú?

Uaim (nuair a thosaíonn focail leis an litir chéanna)

‘Glan díot gaineamh na trá’

Sampla eile: _____

Meafar (nuair a dhéantar comparáid idir dhá rud go siomblach)

‘go dtáinig fás aon oíche air’

Sampla eile: _____

An Dara Pearsa (tú/do/ort – ag caint go díreach le duine eile)

‘Glan díot’

Sampla eile: _____

Athrá (nuair a úsáidtear nath nó focal arís agus arís eile le béim a leagan air)

‘sé mbliana d’aois’

Sampla eile: _____


Úrsárú (nuair a leanann abairt ar aghaidh gan phoncaíocht chun gluaiseacht a chur in iúl go siomblach)

‘D’aithníos le huaibhreach do chrógacht/[i]s tú ag déanamh ar stad an bhus/“[n]á póg mé, Mam,” a dúraís/” I’ll wait by myself”

Sampla eile: _____

Jeaic ar scoil

Freagairt phearsanta ar an dán



Léigh mé an dán ‘Jeaic ar Scoil’ le Dairena Ní Chinnéide inniu ar scoil agus thaitin sé go mór liom. Cheap mé gur dhán iontach a bhí ann, lán le mothúchán agus le híomhánna láidre. Bhí mé in ann ionannú leis an máthair mar tá deirfiúr óg agam féin agus bhraith mé mar an gcéanna nuair a chuaigh sí ar scoil den chéad uair, anuraidh. Táim deich mbliana níos sine ná í agus tugaim aire di. Bhí sí díreach cosúil leis an mbuachaill óg agus í á gléasadh féin ina héide scoile nua. Bhí sí an-bhródúil aisti féin! Bhí mé in ann ionannú (identify) leis an mbuachaill freisin mar is déagóir mé agus is maith liom triail a bhaint as rudaí nua sa saol. Táim ag súil go mór leis an scoil a fhágáil i gceann cúpla bliain agus dul ar aghaidh go dtí an ollscoil. Tá an dá charachtar sa dán seo an-réalaíoch (realistic) agus tá siad léirithe go pearsanta. Thaitin an comhrá sa dán seo liom mar bhí mé in ann an buachaill óg a shamhlú ag iarraidh an ruaig a chur ar a mháthair. Uaireanta is féidir liom a bheith mar sin mé féin le mo thuismitheoirí. Santaím mo neamhspleáchas (independence) go minic. Dar liom, is dán an-taitneamhach é an dán seo agus bhain mé sárshult as.



Jeaic ar scoil

Gníomhaíochtaí breise



- Leis an duine in aice leat, déan plé ar an dán seo. Ar thaitin sé leat? Cén fáth?
- Roghnaigh an carachtar is fear leat ón dán agus tarraing pictiúr díobh. Ansin taispeáin don duine in aice leat iad agus iarr orthu cur síos ó bhéal a dhéanamh ar an gcarachtar.
- Samhlaigh gur tusa an mac óg sa dán seo. Scríobh cuntas dialainne faoin lá mór seo i do shaol.



- Déan comparáid idir an dán seo agus an dán An Chéad Bhróg le Máire Mhac an tSaoi. Baineann an dá dhán le máithreacha ag féachaint ar a gcuid páistí ag fás aníos agus iad ag lorg a neamhspleáchais den chéad uair.
- Scríobh ríomhphost chuig an bhfile ag insint di cén fáth a gceapann tú go bhfuil an dán seo go maith do dhéagóirí.